

Coimriú ar
Bhearta Buiséid 2011
Athruithe Beartais

**Coimriú ar Bhearta Buiséid 2011
Athruithe Beartais**

Clár Ábhair

	Leath.
Mír I – Bearta Cánachais	B.5
Cáin Ioncaim	B.5
Muirear Uilíoch Sóisialach (MUS)	B.6
Cáin Ioncaim Eile	B.6
Díothú Faoiseamh	B.7
Faoisimh ‘Oidhreacht’ Maoin-Bhunaithe a Dhíothú go Céimnithe	B.7
Cáin Ioncaim: Srian ar Fhaoisimh	B.9
Athruithe ar ÁSPC	B.9
Cánachas Feirmeora	B.9
Máil	B.10
Pinsin	B.10
Cáin Chorparáide	B.12
Liúntais Chaipitil	B.12
Cáin ar Choigiltis	B.12
Dleacht Stampála	B.13
Cáin ar Fháiltis Chaipitil	B.13
Mír II – Bearta Caiteachais	B.14
Caitheachas Reatha	B.14
Leas Sóisialach	B.15
Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia	B.16
Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha	B.16
Gnóthaí Pobail, Comhionannas agus Gaeltacht	B.17
Cosaint	B.17
Oideachas agus Scileanna	B.17
Fiontar, Trádáil agus Nuálaíocht	B.17
Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	B.18
Grúpa Airgeadais	B.18
Gnóthaí Eachtracha	B.18
Sláinte agus Leanaí	B.18
Dlí agus Ceart agus Athchóiriú Dlí	B.18
Grúpa an Taoisigh	B.18
Turasóireacht, Cultúr agus Spórt	B.19
Iompar	B.19
Caiteachas Chaipitil	B.20
Blianachtaí Ceannasacha	B.21
Banna Nua Náisiúnta Dlúthpháirtíochta Ceithre-Bliana	B.21

Beart			Teacht Isteach/Costas 2011 €m	Teacht Isteach/Costas Bliain Iomlán €m
CÁIN IONCAIM				
Creidmheasanna Cánach ó 1 Eanáir 2011				
	Reatha	Togartha		
	€	€		
Creidmheas Cánach Fostaí	1,830	1,650	+435	+585
Creidmheasanna - singil Cánach Pearsanta	1,830	1,650		
- pósta	3,660	3,300		
Baintreach (fir) ar cailleadh an céile sa bhliain mheasúnaithe	3,660	3,300		
Creidmheas cánach do Theaghlach Thuismitheora Aonair	1,830	1,650		
Creidmheas Cánach do Chúramóir Baile	900	810		
Creidmheas Cánach do Chleithiúnach Gaoil	80	70		
Creidmheas Cánach do Leanbh le míchumas	3,660	3,300		
Creidmheas do - singil	1,830	1,650		
Dhuine Dall				
- pósta (beirt dall)	3,660	3,300		
Creidmheas breise do dhaoine áirithe ar baintreacha (fir) iad	600	540		
Creidmheas Cánach do Thuismitheoir atá ina b(h)aintreach (fir):				
- bliain 1	4,000	3,600		
- bliain 2	3,500	3,150		
- bliain 3	3,000	2,700		
- bliain 4	2,500	2,250		
- bliain 5	2,000	1,800		
Liúntas Aoise ¹ - singil	325	245		
- pósta	650	490		
Bandaí na Rátaí Caighdeánacha ó 1 Eanáir 2011				
	Reatha	Togartha		
	€	€		
Singil/Baintreach (fir)	36,400	32,800	+395	+530
Pósta Aon Ioncam	45,400	41,800		
Pósta Dhá Ioncam*	72,800	65,600		
Tuismitheoir ina B(h)aintreach (fir)	40,400	36,800		
*Le huas-inaistritheacht idir céilf de €15,400 in 2010 agus de €11,800 in 2011.				

¹ Tá creidmheasanna agus díolúintí aoise á ndíothú/gcur ar ceal i gcéimeanna thar 4 bliana.

Teorainneacha Díolúine Aoise ó 1 Eanáir 2011¹				
	Reatha	Tógartha		
	€	€		
Singil	20,000	18,000	+27	+40
Pósta	40,000	36,000		
MUIREAR UILÍOCH SÓISIALACH (MUS)				
<p>Tá an Tobhach Sláinte agus an Tobhach Ioncaim le díothú agus Muirear Uilíoch Sóisialach nua le cur ina n-ionad ar bhonn neodrach ioncaim, in 2011, ar na rátaí agus na tairseacha seo a leanas:</p> <p>0% < €4,004 2% €0 to €10,036 4% €10,037 to €16,016 7% > €16,016</p>			-	+420
CÁIN IONCAIM EILE				
Athchóiriú ar Cháin Conarthaí Ábhartha (CCÁ)				
Ciallóidh an beart seo:				
<ul style="list-style-type: none"> • In ionad an chuid is mó den ráta reatha CCÁ de 35%, cuirfear córas siarchoinneála le dhá ráta ar bhonn neodrach ioncaim: <ul style="list-style-type: none"> ○ Ráta de 20% do fho-chonraitheoirí cláraithe a bhfuil teist chomhlíonta bhunaithe acu; ○ Ráta de 35% do fho-chonraitheoirí nach bhfuil cláraithe le haghaidh cánach (i.e. gan athrú) • An córas aisíocaíochta míosúil a dhíothú agus córas fritháirimh a chur ina áit; • An córas tuairiscithe do Phríomhaithe CCÁ a neartú d'fhonn comhlíonadh a threisiú agus na deiseanna calaoise a laghdú. 			-	-
Asbhaint Phinsean-Choibhneasta don tSeirbhís Phoiblí				
Ó 1 Eanáir 2011, bainfidh an ÁSPC do fhostaithe leis an asbhaint phinsean-choibhneasta a ghearrtar ar thuillimh sa tseirbhís phoiblí. Beidh an asbhaint phinsean-choibhneasta faoi réir an Mhuirir Uilíoch Shóisialaigh a thagann in éifeacht ar 1 Eanáir 2011. Reachtálfar le haghaidh an athruithe san fhaoiseamh ÁSPC do fhostaithe sa Bhille Leasa Shóisialaigh.			+55	+60
Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta				
Athchóiriú ar an Scéim Reatha Leathnaithe Gnó le méadú ar an méid is féidir le cuideachtaí a chruinniú faoin scéim.			-8	-13
Faoiseamh ar Bhearta Fuinneamh-Éifeachtach				
Scéim nua a thionscnamh d'fhonn daoine aonair a spreagadh chun a dtithe cónaithe a dhéanamh níos fuinneamh-éifeachtaí – faoiseamh a thabhairt suas go huaschaiteachas de €10,000 ar an ráta caighdeánach de cháin ioncaim. Tabharfar an creidmheas sa bhliain chánach dar gcionn.			-	-30

<p><u>DÍOTHÚ FAOISEAMH (ó 1 Eanáir 2011 mura ndeirtear a mhalairt)</u></p> <p>Faoiseamh Cíosa a dhíothú lena chur ar ceal go céimnitheach thar 8 mbliana; an raon ama céanna a fógraíodh cheana do fhaoiseamh ar ús morgáiste.</p> <p>Díolúine ar Ríchíos Paitinne le héifeacht ó seoladh an Phlean Téarnaimh Náisiúnta ar 24 Samhain 2010.</p> <p>Faoiseamh cánach ar Iasachtaí chun leas a fháil i gcuideachtaí áirithe</p> <p>Faoiseamh cánach ar Ranníocaíochtaí Ceardchumainn</p> <p>Críoch leis an scéim um liúntais luathaithe caipitil do fheirmeoirí a tharraingíonn orthu féin caiteachas caipitil maidir le foirgnimh agus struchtúir feirme chun truailliú a smachtú.</p> <p>An faoiseamh cánach ó BIK do Chúram Leanaí a Sholáthraíonn Fosteoir</p> <p>Faoiseamh cánach ar ranníocaíochtaí le comhlachtaí gairmiúla</p> <p>Caiteachas caipitil ar innealra nua agus fearas le haghaidh mianadóireachta</p> <p>An Scéim um Scair-Roghanna Faomhaithe, le héifeacht ó sheoladh an Phlean Téarnaimh Náisiúnta ar 24 Samhain 2010.</p> <p>Faoiseamh Cánach do scaireanna nua a cheannaíonn fostaithe</p> <p>Díolúine ó cháin maidir le deontais nó íocaíochtaí a thugtar do Seirbhísí Comharaíochta Náisiúnta um Fhaoiseamh Feirme Teo.</p>	<p>+19</p> <p>+20</p> <p>+12</p> <p>+19</p> <p>-</p> <p>+3</p> <p>+3</p> <p>+0.5</p> <p>+0.5</p> <p>+0.2</p> <p>-</p>	<p>+97</p> <p>+50</p> <p>+49</p> <p>+26</p> <p>+10</p> <p>+6</p> <p>+5</p> <p>+1</p> <p>+0.5</p> <p>+0.3</p> <p>-</p>
<p>FAOISIMH ‘OIDHREACHTA’ ATÁ BUNAITHE AR MHAOIN A DHÍOTHÚ AR BHONN CÉIMITHE</p> <p>Srianóidh an beart seo atá bunaithe ar shealúchas, sa dóigh seo a leanas:</p> <p>Faoiseamh de chinéal Alt 23</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ó 1 Eanáir 2011 ní cheadófar faoiseamh seachas ó shealúchas alt 23 féin (faoi láthair is féidir ioncam den chinéal seo a fhritháireamh in aghaidh gach ioncam cíosa). • Ag deireadh na tréimhse sealbhaíochta 10 mbliana caillfear aon chuid de fhaoiseamh alt 23. Má dhíoltar sealúchas laistigh den tréimhse sealbhaíochta 10 mbliana, ní bhfaighidh an t-úinéir nua aon fhaoiseamh alt 23 agus leanann an díoltóir faoi réir aisghlámadh ar an bhfaoiseamh a tugadh cheana. 	<p>+60</p>	<p>+100</p>

- I gcás sealúchais alt 23 atá fós le díol, nár éilíodh an faoiseamh ina leith go fóill, tosóidh an tréimhse cháilitheach 10 mbliana ar 30 Meitheamh 2011, de neamhaird ar dháta an chéad léasa cháilitheach. Mar sin, i gcásanna mar seo, ní bheidh faoiseamh alt 23 ar fáil tar éis 30 Meitheamh 2021.
- Ní chuireann na hathruithe seo isteach ar fhaoiseamh úinéara chónaithe.

Liúntais Chaipitil

(Baineann na srianta seo le rannpháirtithe neamhghníomhacha amháin)

- Le héifeacht láithreach caillfear aon liúntais chaipitil neamhúsáidte a tugadh ar aghaidh níos faide ná an tréimhse 7 mbliana ina ndéantar na liúntais (i gcás scéimeanna 7 mbliana) nó 10 mbliana (i gcás scéimeanna 10 mbliana).
- Ó 2011 ar aghaidh, srianófar liúntais chaipitil chun fritháireamh in aghaidh ioncain ón sealúchas ba chúis leo, cibé acu is ioncam cíosa nó trádála é. Ciallaíonn sé seo nach féidir é a chur i leataobh in aghaidh ioncain de chinéal ar bith eile.
- Maidir le scéimeanna murar féidir na liúntais a dhéanamh thar thréimhse níos mó ná 10 mbliana, agus gan críoch leis an tréimhse sin fós, ciorrófar an tréimhse go 7 mbliana ón bhliain ina ndéanfar na liúntais ar dtús.
- I gcás liúntas caipitil a bhfuil teorainn ciorraithe leis, nach ndearnadh de bharr ciorraithe, laghdófar iad de 20% agus is féidir iad a dhéanamh go cothrom i mbliain mheasúnaithe 2011 agus sna blianta measúnaithe go léir ina dhiaidh sin go dtí an 7ú bliain, tar éis an liúntas a dhéanamh ar dtús, agus an seachtú bhliain féin san áireamh.

Gilitín ó 2014

Críoch le liúntais neamhéilithe agus neamhúsáidte go léir, a eascraíonn tar éis 2014 nó a thugtar ar aghaidh ón dáta sin, mar aon le haon fhaoiseamh alt 23 atá gan úsáid agus a thugtar ar aghaidh ó 2014.

Measúnú Tionchair

Déanfar measúnú tionchair ar na héifeachtaí atá le díothú céimnithe na mbeart maoin-bhunaithe agus ag an bhforáil maidir leis an ‘ngilitín’.

CÁIN IONCAIM: SRÍAN AR FHAOISIMH		
(Cáin Ioncaim/MUS/ÁSPC - ó 1 Eanáir 2011 mura ndeirtear a mhalairt)		
Muirear don Tobhach Sláinte agus Ioncaim (MUS) ar Scéimeanna Faomhaithe um Páirtíú i mBrabús le tabhairt isteach	+3	+6
Muirear don Tobhach Sláinte agus Ioncaim (MUS) ar Scéimeanna Faomhaithe Íoc-Mar-A-Thuillir le tabhairt isteach.	+0.35	+0.75
Muirear don Tobhach Sláinte (MUS) ar Scair-Roghanna Neamhfhaomhaithe le tabhairt isteach.	+4	+7
Muirear don Tobhach Sláinte (via an MUS) ar Dhámhachtainí scaireanna a thabhairt isteach	+1	+1
Srian de €200,000 ar an gcuid atá saor ó cháin de íocaíochtaí clabhsúir gratia ionas go mbeidh íocaíochtaí os cionn an mhéid seo faoi réir cánach ag an ráta imeallach. Beidh éifeacht ag an athrú seo ó 1 Eanáir 2011.	+0.5	+0.5
Uasteorainn de €40,000 ar thuillimh cháindíolmhaithe ealaíontóirí.	-	+14
Muirear i leith ÁSPC ar Scéimeanna Faomhaithe um Páirtíú i mBrabús le tabhairt isteach	+4	+8
Muirear i leith ÁSPC ar Scéimeanna Faomhaithe Íoc-Mar-A-Thuillir le tabhairt isteach	+0.1	+0.3
Muirear i leith ÁSPC ar Scair-Roghanna Neamh-Fhaomhaithe le tabhairt isteach	+7	+13
Muirear i leith ÁSPC ar Dhámhachtainí Scaireanna le tabhairt isteach	+2	+3
ATHRUITHE AR ÁSPC		
An t-uasmhéid ÁSPC de €75,036 a dhíothú	+100	+145
Méadú ó 3% go 4% ar ráta Ranga S (Féin-fhostaithe) ÁSPC.	+53	+80
Méadú ar rátaí modhnuithe ÁSPC (seirbhísigh phoiblí áirithe) go dtí 4% ar ioncaim os cionn €75,036.	+12	+15
Muirear de 4% ÁSPC a thionscnamh i gcás Sealbhóirí áirithe Oifige.	+3	+3.3
CÁNACHAS FEIRMEORA		
Faoiseamh um Stoc Feirmeoirí		
Táthar ag síneadh ar Fhaoisimh reatha ghinearálta de 25% um stoc agus an Fhaoisimh dreasachta speisialta de 100% do fheirmeoirí óga oилte áirithe ó 1 Eanáir 2011 ar feadh dhá bhliain bhreise faoi réir a nglanta leis an gCoimisiún Eorpach maidir leis na rialacha um chúnamh Stáit.	-2	-2

<p>MÁIL Méadú ar an gCáin Ola Mianra ar Pheitreal agus ar dhíosal gluaiistéain</p> <p>Méadófar an cháin ola mianra de 4 cheint an líotar ar pheitreal agus de 2 cheint an líotar ar dhíosal gluaiistéain (agus CBL san áireamh sa dá chás) le héifeacht ó mheán oíche ar 7 Nollaig 2010.</p> <p>An Cháin Aerthaistil a leasú go ráta amháin de €</p> <p>Tiocfaidh ráta leasaithe cánach amháin de € i bhfeidhm i leith Aerthaistil ar 1 Márta 2011 ar bhonn sealadach.</p> <p>Cáin Chláraithe Feithiclí (CCF) Tabharfar an pacáiste seo a leanas de bhearta isteach:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Síneadh ar an Dramhscéim Ghluaiistéain • Síneadh ar an Fhaoisimh CCF do Fheithiclí Hibride agus do Fheithiclí solúbtha Breosla • Méadú ar an ráta comhréidh do Fheithiclí Tráchtála (Catagóir C) <p>Tá an drámhscéim ghluaiistéain á síneadh don tréimhse 1 Eanáir go 30 Meitheamh 2011. Soláthrófar faoiseamh CCF suas le €1,250 i gcás cairr atá 10 mbliana nó níos sine a scriostar faoi réir critéir áirithe agus go gceannaítear carr nua le bandaí astúite de A nó B (i.e. le hastúnna CO₂ de 140g/kg nó níos lú).</p> <p>Táthar ag síneadh an fhaoisimh CCF le haghaidh sraith-tháirgeadh de fheithiclí hibride agus solúbtha breosla go ceann dhá bhliain go dtí 31 Nollaig 2012, agus ráta faoisimh á sholáthar suas le €1,500; bhí an faoiseamh seo le dul in éag ar 31 Nollaig 2010.</p> <p>Tá an ráta reatha comhréidh CCF de €50 le haghaidh feithiclí Tráchtála (catagóir C) á mhéadú go €200, le héifeacht ó 1 Bealtaine 2011.</p>	<p>+106</p> <p>-56</p> <p>-</p> <p>-</p> <p>-6</p> <p>+3</p>	<p>+106</p> <p>-</p> <p>-</p> <p>-</p> <p>-6</p> <p>+6</p>
<p>PINSIN ÁSPC Fostaí ar ranníocaíochtaí pinsin Ó 1 Eanáir 2011 beidh rannaíocht fostaí le scéimeanna pinsin gairme agus socruithe eile pinsin faoi réir ÁSPC fostaí agus an Mhuirir Uilíoch Shoisialaigh. Reachtálfar le haghaidh an athraithe i leith ÁSPC sa Bhille Leasa Shóisialaigh.</p> <p>ÁSPC Fostóra ar Ranníocaíochtaí pinsin Laghdófar de 50% ó 1 Eanáir 2011 an díolúine reatha ÁSPC do fhostóirí i dtaobh ranníocaíochtaí fostaí le scéimeanna pinsin ceirde agus socruithe eile pinsin. Reachtálfar le haghaidh an athraithe sa Bhille Leasa Shóisialaigh</p>	<p>+40</p> <p>+40</p>	<p>+60</p> <p>+90</p>

<p>Teorainn Ranníocaíochta Táthar ag laghdú teorainn na dtuilleamh bliantúil de €150,000 (2010) go €15,000 do 2011. Cuimsíonn na tuillimh seo (mar aon le teorainneacha céatadáin aois-choibhneasta) uasmhéid na ranníocaíochtaí chun críche pinsin.</p> <p>Áireofar freisin ag €15,000 teorainn na dtuilleamh bliantúil don bhliain 2010 d'fhonn a chinneadh cé mhéad de ranníocaíocht pinsin a d'íoc duine aonair sa bhliain mheasúnaithe 2011, agus déileálfar leis mar íocaíocht in 2010, sa chás go roghnaíonn an duine go ndéileálfar leis amhlaidh faoi na rialacha reatha.</p> <p>Na huas-chistí pinsin is incheadaithe Cuirfear ag €2.3 milliún an t-uas-chiste pinsin is incheadaithe ar scor chun críche cánach (an Tairseach Chaighdeánach Ciste (TCC)) le héifeacht ó 7 Nollaig 2010.</p> <p>D'fhéadfadh tairseach níos airde a bheith i gceist má tharlaíonn gur mó, ar 7 Nollaig 2011, luach caipitil cearta duine aonair a tarraingíodh anuas ar 7 Nollaig 2005 nó ina dhiaidh sin (i.e. cearta criostalaithe pinsin) – nuair a chuirtear iad le haon chearta pinsin neamhchriostalaithe a d'fhéadfadh a bheith ag an duine, mar a luacháiltear iad ar 7 Nollaig 2010 – atá níos mó ná €2.3 milliún agus níos ísle ná €5,418,085 ar luach reatha an TCC é</p> <p>Cistí Faomhaithe Scortha Méadófar an t-imdháileadh bliantúil a leagtar ar luach na sócmhainní i gCiste Faomhaithe Scortha (CFS) ar 31 Nollaig gach bliain ó 3% go 5% maidir leis na luachanna sócmhainne ag 31 Nollaig 2010 agus gach bliain ina dhiaidh sin.</p> <p>Cnapshuimeanna Scortha Táthar ag laghdú go €200,000 an teorainn fhoriomlán saoil ar chnapshuimeanna scortha atá saor ó cháin is feidir le duine a tharraingt as socrúithe pinsin. Gearrfar cáin ar an méid atá os cionn na suime seo de réir an ráta de cháin ioncaim chaighdeánaigh (20% faoi láthair) suas go méid atá cothrom le 25% de Thairseach nua an Chiste Chaighdeánaigh (suas go €75,000). Gearrfar cáin ar bharrachas na cnapshuime scortha atá os cionn an mhéid sin de réir ráta imeallach cáin ioncaim an cháiniócóra.</p> <p>Cnapshuimeanna scortha atá saor ó cháin a tógadh ar 7 Nollaig 2005 nó ina dhiaidh sin, áireofar iad chun críche 'ídithe' an mhéid nua atá saor ó cháin sa chaoi má thóg duine cnapshuimeanna scortha a bhí saor ó cháin de €200,000 nó níos mó ó 7 Nollaig 2005 i leith go mbeidh aon chnapshuimeanna scortha breise a íoctar leis an duine ar 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh sin inchánach. Áireofar freisin na cnapshuimeanna níos luaithe lena chinneadh cé mhéad de chnapshuim a íocfar ar lá an Bhuiséid nó ina dhiaidh sin a bheidh le gearradh ar an ráta caighdeánach nó ar an ráta imeallach cánach.</p> <p>Beidh éifeacht leis na hathruithe seo ó 1 Eanáir 2011.</p>	<p>+20</p> <p>+10</p> <p>+2</p> <p>+5</p>	<p>+55</p> <p>+20</p> <p>+5</p> <p>+5</p>
--	---	---

<p>Síneadh le roghanna solúbtha ar dhul ar scor Faoi réir coinníollacha áirithe, beidh teacht ag gach ball de shocrúithe um Ranníocaíocht sainithe pinsin ar roghanna solúbtha ar scor maidir leis na príomhshochair a eascraíonn ó na scéimeanna sin. Déanfar soláthar faoi na roghanna solúbtha sa Bhille Airgeadais. Go dtí go rithfear an Bille Airgeadais, tá na Coimisinéirí Ioncaim chun síneadh a chur leis an rogha a tugadh isteach i Nollaig 2008 le haghaidh blianacht cheannaigh ar scor a iarchur i gcás baill scéime um ranníocaíocht shainithe.</p>	-1	-2
<p>CÁIN CHORPARÁIDE</p> <p>Díolúine chánach 3 bliana do chuideachtaí Nuathionscanta Tá an scéim seo á leathnú chun cuideachtaí nuathionscanta a chuimsiú a thosaíonn ar cheird nua in 2011. Modhnófar an scéim ionas go mbeidh baint ag luach an fhaoisimh le méid an ÁSPC fostóirí a d'íoc cuideachta i dtréimhse chuntasaíochta ach faoi réir uasmhéid de €5,000 in aghaidh gach fostaí. Más lú ÁSPC fostóirí cáilitheacha ná an laghdú ar an dliteanas cánach corparáide a bheadh iníoctha murach sin, bunófar an faoiseamh ar an méid is ísle díobh.</p> <p>Sceideal 24, An tAcht Comhdhlúite Cánach 1997 Táthar ag leasú an bhirt seo ina leagtar síos an mheicníocht faoina gcinntear an méid de chreidmheas i leith cáin a íoctar thar lear is féidir a fhritháireamh in aghaidh dliteanais Éireannacha, d'fhonn an chaoi a ndéileáiltear le muirir thrádála ábhartha faoi láthair a dhearbhu. Baineann an dearbhú seo le gach tuairisceán cánach agus le gach éileamh ar aisíoc de cháin chorparáide nó ar laghdúithe ar dhliteannais cháin chorparáide a dhéantar ar Lá an Bhuiséid nó ina dhiaidh sin.</p>	-	-6
<p>LIÚNTAIS CHAIPITIL</p> <p>Trealamh fuinneamh-éifeachtach Táthar ag síneadh go ceann 3 bliana eile go deireadh 2014 an scéim luathaithe liúntais chaipitil ar chaiteachas a dhéanann cuideachtaí ar threalamh áirithe fuinneamh-éifeachtach.</p>	-	-2
<p>CÁIN AR CHOIGILTIS</p> <p>Cáin Choinneála ar Ús Cuntas Taisce agus Cánacha fágála ar Pholasaithe Árachais Saoil agus Cistí Infheistíochta Táthar ag méadú de 2 phointe céatadáin sa dá chás an ráta de cháin choinneála a bhaineann le hús taisce, maraon leis na rátaí fágála a bhaineann le polasaithe árachais saoil agus le cistí infheistíochta. Beidh na rátaí anois ag 27% i ngach cás do íocaíochtaí a dhéantar go bliantiúil nó níos minice, agus 30% i gcás íocaíochtaí a dhéantar níos annaimhe ná uair sa bhliain. Bainfidh na rátaí méadaithe le híocaíochtaí, agus íocaíochtaí a mheastar a bheith déanta san áireamh, a dhéantar ar 1 Eanáir 2011 nó níos déanaí.</p>	+22.5	+30

<p>DLEACHT STAMPÁLA</p> <p>Aistrithe Maoine Cónaithe Laghdú go 1% ar an ráta do aistrithe maoine cónaithe a luacháiltear suas go dtí €1 milliún agus go 2% do mhaoine a luacháiltear os cionn €1 milliún i gcás ionstraimí a fheidhmítear ar 8 Nollaig 2010 nó níos déanaí;</p> <p>Faoisimh agus díolúintí éagsúla a dhíothú, i gcás ionstraimí a fheidhmítear ar 8 Nollaig 2010 nó ina dhiaidh sin, mar leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Faoiseamh chéad cheannaitheora • Díolúine dó thithe nua faoi mhéid 125 méadar cearnach • Faoiseamh do thithe nua de mhéid os cionn 125 méadar cearnach • Faoiseamh ar bhonn gaol do aistrithe maoine cónaithe • Díolúine do aistrithe maoine cónaithe a luacháiltear faoi €27,000 • Faoiseamh do láithreán do leanbh 	-36	-36
<p>CÁIN AR FHÁLTAIS CHAIPITIL</p> <p>Tá na tairseacha reatha grúpa atá saor ó cháin á laghdú de 20%. Baineann an laghdú le tabhartais nó oidhreachtaí a thógtar ó mheánoíche ar 7 Nollaig 2010.</p>	+27	+40

Caiteachas Reatha

I mBuiséad 2011 déantar soláthar do choigiltis iomlán de €2.2 billiún sa chaiteachas comhlán reatha mar a léirítear sa tábla anseo thíos. Frithaireofar na coigiltis seo le suim a bheidh isteach is amach le €135 milliún toisc go bhfuiltear ag súil le méadú ar chostais pinsean, agus le mionchoigeartuithe teicniúla eile.

Sa rannán seo tá teacht ar na mionsonraí mar a leagadh síos iad sa *Phlean Téarnaimh Náisiúnta 2011-2014* ar a bhfuil coigiltis i gcaiteachas ar leith do Choimirce Shóisialach agus do na Ranna go léir.

Léiríonn na figiúirí coigiltis i “mBliain Iomlán” atá tugtha i leith na ranna go léir toradh na bliana 2014 de na beartais atá le cur i bhfeidhm ó 2011. Tá se seo ag teacht leis an gcur chuige sa *Phlean Téarnaimh Náisiúnta 2011-2014*.

Is féidir teacht ar fhaisnéis go hachomair maidir le Pá agus Pinsean sa tSeirbhís Phoiblí in Aguisín G.

Coigiltis Chomhlána Reatha le baint amach	2011
Vóta	€m
Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia ^b	45
Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha	8
Gnóthaí Pobail, Comhionannas agus Gaeltacht	19
Cosaint	28
Oideachas agus Scileanna	170
Fiontar, Trádáil agus Nuálaíocht	14
Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	84
Grúpa Airgeadais	32
Gnóthaí Eachtracha	42
Sláinte agus Leanaí	746
Dlí agus Athchóiriú Dlí	74
Coimirce Sóisialach	873
Grúpa Vótaí an Taoisigh	8
Turasóireacht, Cultúr agus Spórt	17
Iompar	32
Iomlán	2,192

^b In 2011 tá coigiltis reatha de €75 milliún i réimse na Talmhaíochta fritháirithe de bharr íocaíochtaí breise scéime de €30 milliún atá am-ghaolta.

Beart	Teacht Isteach 2011 €m	Teacht Isteach Bliain Iomlán €m
<u>Leas Sóisialach</u>	-873	-920
<p>Daoine in aois oibre</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ Laghdóidh an t-uasráta pearsanta do na scéimeanna seachtainiúla ar fad (seachas na rátaí pearsanta a bhaineann le daoine in aois 66 bliana agus os a chionn, Pinsean Easláine agus Pinsean Stáit Aistriú do fhaighteoirí in aois 65) de €8 sa tseachtain ón gcéad seachtain in Eanáir 2011 agus bainfidh laghduithe comhréireacha le daoine atá ar rátaí laghduithe íocaíochta leasa shóisialaigh. ▪ Go ginearálta laghdóidh Uas-Liúntas Ghaolmhara do Dhaoine Fásta Cáilithe (QAA's) de €5.30 sa tseachtain, ón gcéad seachtain in Eanáir 2011, agus bainfidh laghduithe comhréireacha le daoine atá ar íocaíochtaí laghduithe leasa shóisialaigh. ▪ Beidh laghdú de €8 sa tseachtain ar an uasráta agus ar an íosráta Sochair Mháitreachais agus Sochair Uchtaithe. ▪ Beidh laghdú de €6 sa tseachtain ar an ráta Liúntais do Lorgóirí Oibre agus ar an Liúntas Forlfontach Leasa dóibh siúd in aois 22-24. ▪ Níl aon athrú sa ráta íocaíochta ar an Liúntas do Lorgóirí Oibre agus ar an Liúntas Forlfontach Leasa dóibh siúd in aois 18-21. ▪ Beidh laghdú de €10 sa tseachtain ar an ráta pearsanta seachtainiúil den Liúntas Forlfontach Leasa. 	-397	-397
<p>Bearta Gníomhachtaithe</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ Beo-Chlár níos lú de bharr stráitéis gníomhachtaithe saothar níos déine 	-100	-100
<p>Leanaí</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ Laghdófar ráta Sochair Linbh de €10 sa mhí ó Eanáir 2011 san ísealráta agus san ardráta araon. Beidh laghdú breise de €10 sa mhí ar an tríú leanbh. Is iad na rátaí nua ná €140 sa mhí (an chéad agus an dara leanbh), €167 (an tríú leanbh) agus €177 don cheathrú leanbh agus níos mó. 	-149	-149

<p>Forlíonadh Cíos</p> <ul style="list-style-type: none"> Déanfar athchóiriú ar an scéim forlíontach Cíos chun chaiteachas a smachtú. Chuige sin, beidh ranníocaíocht breise de € sa tseachtain i leith cíos le n-íoc ag faighteoirí áirithe leasa shoisialaigh, de bharr an laghdú ar an liúntas forlíontach leasa 	-60	-60
<p>Fuinneamh agus Cumarsáid</p> <ul style="list-style-type: none"> Déanfar coigiltis éifeachtúla sna heilimintí a bhaineann le Fuinneamh agus Cumarsáid i bpacáiste sochair do Líonta tí. 	-30	-30
<p>Sochair Cóiréala Leighis</p> <ul style="list-style-type: none"> Leanfar leis na srianta in 2011 ar na teidliochtaí faoin Scéim Sochair Cóiréala do Fhearais Leighis agus Máinliachta agus do shaoreilimintí sna scéimeanna Sochair Fiaclóireachta agus Súl. 	-77	-77
<p>Éifeachtúlachtaí Riaracháin</p> <ul style="list-style-type: none"> Laghdófar an caiteachas ar riaracháin Roinne. 	-11	-39
<p>Bearta eile</p> <ul style="list-style-type: none"> Fógrófar níos déanaí réimse de bhearta eile a bhaineann le smacht inghlachtacht, agus athchóiriú structúrach. 	-49	-68
<p><u>Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia</u>[€]</p> <ul style="list-style-type: none"> Laghdú sa chaiteachas ar REPS. Laghdú sa cheantar díothaithe galair toisc laghdú a bheith tagtha ar líon na gcásanna galair in 2010. Laghdú sa chaiteachas ar ERS de bharr dúnadh na scéime. Laghdú i gcostais idirghabhála. Éifeachtúlachtaí Riaracháin. 	-75	-101
<p><u>Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha</u></p> <ul style="list-style-type: none"> Laghdófar maoiniú ón Státchiste do TG4. Líonfar an bhearna ón ioncaim ar tháille ceadúnais RTE. Déanfar glanchoigilt de €6.2m ar an Vóta dá bharr seo. Éifeachtúlachtaí Riaracháin. 	-8	-12
	-6	-6
	-2	-6

[€] In 2011 tá coigiltis reatha de €75 milliún i réimse na Talmhaíochta fritháirithe de bharr íocaíochtaí breise scéime de €30 milliún atá am-ghaolta.

<u>Gnóthaí Pobail, Comhionannas agus Gaeltacht</u>	-19	-27
<ul style="list-style-type: none"> ▪ Laghdú i leithdháiltí ar chláracha/tograí forbartha pobal trí chéile. ▪ Éifeachtúlachtaí Riaracháin. 	-9	-9
	-10	-18
<u>Cosaint</u>	-28	-46
<ul style="list-style-type: none"> ▪ Laghdú ar an soláthar do liúntas imlonnaithe na bhForsaí Cosanta thar lear, laghdú i líon na bhfostaithe sibhialtacha bainteach le suiteálacha míleata. Cuirfear siar nó cealófar glacadh le hathrú treallaimh, tograí tógála agus cothabhála ▪ Éifeachtúlachtaí Riaracháin. 	-25	-25
	-3	-21
<u>Oideachas agus Scileanna</u>	-170	-307
<ul style="list-style-type: none"> ▪ Iompar Scoile – Méadú sa táille iar-bhunscoile go €350 agus táille de €50 sa ráta Teaghlaigh agus táille €50 a thabhairt isteach ag bun leibhéal (seachas faighteoirí cártaí leighis) faoi réir uastáille teaghlaigh de €50. Moltaí an ghrúpa athbhreithnithe ar Luachar-Airgead a chur i bhfeidhm (seachas moltaí ar tháillí). ▪ Laghdú de 5% ar dheontais chaipitíochta go léir, ar a bhfuil deontais do Litearthacht Aosach, Oideachais Pobail, Clár Críochnaithe Scoile, Ógtheagmháil. ▪ Ranníocaíocht comhréidh de €2000 i leith mic léinn ard-oideachais in ionad an táille do Sheirbhísí Mac Léinn agus táille de €200 a thabhairt isteach do mhic léinn PLC. Ní bhainfidh an ardtáille do Sheirbhísí Mac Léinn ach le leanbh amháin sa teaghlach ag aon uair amháin. ▪ Scéim tacaíochta Mic Léinn – laghdú de 4% i rátaí an deontais comhsheasmhach leis an laghdú de % sna híocaíochtaí aois-oibre go léir de chuid an RCS. Teorainn a chur leis na sochair a íoctar i gcás mic léinn aibí d’fhonn iad a thabhairt ar chomhchéim leis an gnáth mac léinn. Comhréir na mic léinn le teidlíocht don ráta neamh-chóngarach a laghdú trí na critéir chailúcháin a athrú ó 24K go 45K ▪ Ciorrú de 5% sa deontas neamh-phá a íoctar le hOllscoileanna/Institúidí Teicneolaíochta srl. ▪ Líon NEPS a choinneáil ag an leibhéal reatha ▪ FÁS – laghdú de €8 ar na liúntais oiliúna seachtainiúla uilig, agus ar na híocaíochtaí tacaíochta mar an gcéanna i gcomhréir leis an ráta laghdaithe sna híocaíochtaí aois-oibre de chuid an RCS, an bónas dífhostaíochta fadtéarmach a íoctar le mic léinn VTO’s a laghdú ó €1.80 go €20. ▪ Coigiltis eile ar phá agus éifeachtúlachtaí Riaracháin. 	-5	-17
	-22	-22
	-31	-31
	-22	-51
	-14	-14
	-3	-3
	-9	-9
	-64	-160

<u>Fiontar, Trádáil agus Nuálaíocht</u>	-14	-37
<ul style="list-style-type: none"> ▪ Bearta éifeachtúla clár ar fad na Roinne agus a Gníomhaireachtaí. ▪ Éifeachtúlachtaí Riaracháin. 	-6 -8	-6 -31
<u>Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil</u>	-84	-91
<ul style="list-style-type: none"> ▪ Ranníocaíocht níos ísle ón Státchiste chuig an Ciste Rialtais Áitiúil. Tabharfar isteach bearta fritháirimh san earnáil Rialtais Áitiúil. ▪ Tiocfar ar choigiltis freisin de bharr; <ul style="list-style-type: none"> - Bearta Cosanta Comhshaoil - Cláracha Foirgníochta agus Oidhreachta Nadúrtha ▪ Éifeachtúlachtaí Riaracháin. 	-62 -17 -5	-62 -17 -12
<u>Grúpa Votaí Airgeadais</u>	-32	-60
<ul style="list-style-type: none"> ▪ Réimse de bhearta go príomha in Oifig na nOibreacha Poiblí, Coimisinéirí Ioncaim agus Airgeadais ▪ Éifeachtúlachtaí Riaracháin. 	-26 -6	-26 -34
<u>Gnóthaí Eachtracha</u>	-42	-37
<ul style="list-style-type: none"> ▪ Ciorrú ar an leithdháileadh do Chúnadh Forbraíochta Oifigiúil (CFO) ▪ Táille Pas a thabhairt isteach do dhaoine os cionn 65. ▪ Éifeachtúlachtaí Riaracháin. 	-35 -2 -5	-35 -2 -
<u>Sláinte agus Leanaí</u>	-746	-765
<ul style="list-style-type: none"> ▪ Vóta 39 agus a ghníomhaireachtaí (ar a bhfuil coigiltis sa Bhuiséad Riaracháin, leithdháiltí do ghníomhaireachtaí sláinte agus íocaíochtaí eile) agus Vóta 41 curám leanaí agus coigiltis sa scéim óige. ▪ Coigiltis ó scéimeanna éilimh (costais drugaí agus íocaíochtaí i leith táillí profisiúnta) ▪ Coigiltis ar sholáthar eile agus ar chostais pá neamhlárnach. ▪ Coigiltis measta sa phá-rolla ó phacáiste deonach fágála an FSS. 	-43 -380 -200 -123	-52 -390 -200 -123
<u>Dlí agus Ceart agus Athchóiriú Dlí</u>	-74	-230
<ul style="list-style-type: none"> ▪ Cúnadh Dlí Coiriúil – taillí agus athruithe structúrtha. ▪ Coigiltis ar chostais a bhaineann le tearmann idir cóiríocht agus costais eile. ▪ Seirbhís promhaidh – acmhainní a dhíriú ar bhonn níos cruinne. ▪ INIS – coigiltis de bharr líon níos lú ag lorg tearmainn srl . ▪ Éifeachtúlacht i mBainistíocht An Gharda. ▪ Cúirteanna – éifeachtúlachtaí ar fud líonra na gCúirteanna. ▪ Coigiltis de bharr Soláthair. ▪ Éifeachtúlachtaí eile riaracháin. 	-5 -5 -5 - -20 -5 -10 -24 -10 -24	-10 -10 -10 -30 -25 -15 -20 -110 -20 -110

<u>Grúpa Vótaí an Taoisigh</u>	-8	-11
<ul style="list-style-type: none"> ▪ Éifeachtúlachtaí Riaracháin 	-8	-11
<u>Turasóireacht, Cultúr agus Spórt</u>	-17	-26
<ul style="list-style-type: none"> ▪ Laghdú i gcaiteachas turasóireachta de bharr éifeachtúlachtaí feidhme, gníomhachtaí a chur in ord tosaíochta, infheistíocht níos focasáilte ar mhargaíocht turasóireachta. ▪ Laghdú sa chistiú d'eagraíochtaí spóirt agus do ghníomhaireachtaí ar a bhfuil Comhairle Spóirt na hÉireann agus Campas Náisiúnta Spóirt. ▪ Laghdú sna leithdháiltí chuig Institiúidí Cultúrtha agus tograí cultúrtha. ▪ Éifeachtúlachtaí Riaracháin. 	-5 -3 -5 -4	-5 -3 -5 -13
<u>Iompar</u>	-32	-39
<ul style="list-style-type: none"> ▪ Laghduithe ar chuile réimse den chaiteachas chothabhála ar bhóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. ▪ Laghdú sa deontas ón státchiste chuig An Udarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Nuair nach leor na coigiltis éifeachtúla feidhme d'fhonn an sprioc-laghdú a bhaint amach is féidir leis an Udarás cead a lorg chun an táille seirbhíse a mhéadú chuig leibhéal a bheidh cothrom le lánchostas. ▪ Coigiltis in éifeachtúlacht feidhme de bharr meadú in úsáid seirbhíse mótarchánach ar líne – laghduithe i gcostais poist agus táillí imréitigh bainc. ▪ Laghdú sa teannta do chomhlachtaí iompar poiblí, cuíchoiriú gníomhaireachtaí agus coigiltis riaracháin. ▪ Aerphoirt réigiúnacha – ciorrú ar thacaíocht i leith aer-sheirbhísí réigiúnacha ó lár 2011. ▪ Éifeachtúlachtaí Riaracháin. 	-9 -5 -1 -10 -5 -2	-9 -5 -1 -10 -5 -9

Caiteachas Caipitil

Díreofar sa chláir chaipitil de €4,654m (3.6% de OTI) ar na tograí bonneagair is mó a léiríonn gealltanas i leith cruthú jabanna inmharthana agus treisiú an gheilleagair.

Rinneadh cur síos ar na leithdháiltí caipitil sa *Phlean Téarnaimh Náisiúnta 2011-2014*. Leagfar amach na mionsonraí ins na meastacháin.

Leithdháiltí caipitil de réir Grúpa Vótaí	2011 <i>€ milliún</i>
Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia	269
Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha	139
Gnóthaí Pobail, Comhionannas agus Gaeltacht	86
Cosaint	12
Oideachas agus Scileanna	491
Fiontar, Trádáil agus Nuálaíocht	508
Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	1,002
Grúpa Airgeadais (seachas OOP)	6
Oifig na nOibreacha Poibí	116
Gnóthaí Eachtracha	4
Sláinte agus Leanaí	399
Dlí agus Athchóiriú Dlí	80
Coimirce Sóisialach	8
Turasóireacht, Cultúr agus Spórt	96
Iompar	1,438
IOMLÁN	4,654

Blianachtaí Ceannasacha

Rinne Cumann Ciste Pinsin na hÉireann agus Cumann na nAchtúirí moladh faoina mbeadh deis ann cistí pinsin Éireannacha a infheistiú i mbannaí Éireannacha níos fadtéarmaí ar bhonn torthaí níos airde ná mar atá le fáil in áiteanna eile, agus na dliteanais atá ag pinsinéirí orthu a phraghsáil ar bhonn na dtorthaí níos airde seo.

Tar éis comhairliúcháin leathan leis na comhlachtaí seo tá cinneadh déanta ag an Rialtas dul ar aghaidh le beart dá leithéid.

Mar sin, tairgfídh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) bannaí a bheidh incheannaithe ag cistí pinsin nó ag infheisteoirí eile nó a bheifear in ann a úsáid chun blianachtaí ceannasacha a éisiúint ag an tionscail árachais chun cabhrú le cistí a n-oibligeáidí i leith pinsinéirí a chomhlíonadh. Le hathruithe sna rialacháin beidh cistí in ann a ndliteanais i leith pinsinéirí a athphraghsáil sa mhéid go gceannaíonn siad bannaí Éireannacha.

Fógróidh an tAire Coimirce Shóisialaigh sonraí an bhirt agus na hathruithe reachtacha agus rialaitheacha eile atá i gceist.

Tá muinín ag an Rialtas go ligfidh an beart seo do chistí pinsin, más rogha leo, an méid a bhraitheann siad ar infheistíocht cothromais a laghdú, agus rataí maithe cinnte a fháil mar thoradh ar bhannaí blianachtaí nua a cheannach.

Banna Nua Náisiúnta Dlúthpháirtíochta Ceithre-Bliana

Tá sé beartaithe Banna nua Náisiúnta Dlúthpháirtíochta ceithre-bliana a thabhairt isteach d'fhonn An Banna Náisiúnta Dlúthpháirtíochta deich-mbliana a lánseáileadh anuraidh a chomhlánú. D'éirigh thar barr leis sin. Íocfaidh an Roinn cúpón in aghaidh na bliana agus íocfar bónas leo súid a choinníonn an banna go ceann aibíochta.

Is iad an Post a dhíolfaidh an Banna ar son Gníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA). Déanfaidh an NTMA sonraí breise a fhógairt go luath san Athbhliain.